

Phlean Straitéiseach 2023-2025

Clár Ábhar

Brollach					03
An tÚdarás					04
An Timpeallacht Rialála					06
Ár Misean agus ár Luachanna					09
Spríocanna agus Cuspóirí					10
Spríoc 1 An Tionscal Slándála Príobháidí a rialáil	Spríoc 2 Comhlíonadh a chinntiú trí dhul i ngleic le gníomhaíocht neamh- ceadúnaithe	Spríoc 3 Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí slándála trí chaighdeáin agus cáilíochtaí a úsáid	Spríoc 4 Féachaint ar dhóigheanna ar féidir lenár dtionscal dul chun tairbhe don tsochaí	Spríoc 5 Na tacaí a theastaíonn chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus ár n-eagraíocht a bhreisiú a sholátha	11 12 13 14 15
Cur Chun Feidhme agus Tuairisciú					16
Aguisín 1 Earnálacha atá Ceadúnaithe amhail mí Mheán 2022					18
Aguisín 2 Forálacha Reachtúla					19

Brollach

Tá ríméad ar Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí an Plean Straitéiseach uainn don tréimhse ó 2023 go 2025 a chur i láthair. Leagtar amach sa Plean ár gcuspóirí do na trí bliana romhainn agus díritear ann ar cheadúnú a leathnú, ar leibhéil caighdeán agus cáilíochtaí a ardú, agus ar chumarsáid fheabhsaithe lenár sealbhóirí ceadúnais agus leis an bpobal. Tá sé mar thosaíocht againn cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal tríd an timpeallacht rialála a neartú.

Sainchúram tábhachtach is ea an tionscal slándála príobháidí a rialáil. Is é an toradh atá ar an gceadúnú ná gur athraíodh tionscal slándála na hÉireann ó bhun, agus é ag méadú na leibhéal gairmiúlachta, ag dul i ngleic le coiriúlacht agus leis an ngeilleagar dubh, agus ag cothú mhuinín an phobail as an soláthar seirbhísí ag soláthraithe slándála príobháidí. Faoi mar a bhíonn an tionscal slándála, bíonn an rialáil ag athrú de shíor. Leanfaimid ar aghaidh ag obair i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí tionscail chun a chinntiú gurb ábhartha fós sa timpeallacht athraitheach seo a bheidh an rialáil agus a bheidh na caighdeáin agus na cáilíochtaí arna leagan síos againn.

Is Plean uaimhianach é seo a mbeidh tacaíocht ón Aire Dlí agus Cirt agus ónár ngeallsealbhóirí tionscail ag teastáil ina leith chun go n-éireoidh lena chur chun feidhme. Táimid ag súil le hobair i gcomhar leis an Aire, lena Roinn agus leis na daoine uile a bhfuil leas acu i rialáil an tionscail slándála thar thréimhse feidhme an Phlean.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh leis an straitéis seo a ullmhú. De bharr an mhéid a chuir siad leis, bhí an Bord in ann an bhunsraith ar a dtógfaí an Plean seo a leagan. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill foirne an Údaráis freisin as an tacaíocht a thug siad agus an Plean á fhorbairt. Táimid ag súil le hobair i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí uile agus lenár mbaill foirne uile thar thréimhse feidhme trí bliana an Phlean.

01—
An tÚdarás



Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí freagrach as rialáil an tionscail slándála príobháidí in Éirinn.

Tá sé mar ról againn cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal trí thimpeallacht rialála ar ardchaighdeán a chur chun cinn do na gnólachtaí agus na daoine aonair a oibríonn sa tionscal slándála. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt a bunaíodh leis an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 sinn. Leasaíodh an tAcht sna blianta 2011 agus 2021.

I láthair na huaire, tá pas beag níos lú ná 42,000 ceann de cheadúnais fostaithe agus de cheadúnais conraitheoirí i gcúrsaíocht sna hearnálacha seo a leanas.

- Rialú Rochtana a Shuiteáil agus a Chothabháil
- Airgead Tirim faoi Bhealach
- TCI a Shuiteáil agus a Chothabháil
- Faireachán ar TCI
- Maoirseoirí Dorais
- Slándáil Imeachtaí
- Aláraim Ionraidh a Shuiteáil agus a Chothabháil
- Faireachán ar Aláraim Ionraidh
- Glasadóirí
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Gardaí Slándála

Le linn thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh seo, leathnófar rialáil chuig fostaithe sna hearnálacha Slándála Leictreonáí ¹, san earnáil Gardaí Forfheidhmiúcháin, san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha agus chuig conraitheoirí san earnáil Gardaí Forfheidhmiúcháin, san earnáil Sainchomhairleoirí Slándála agus san earnáil Soláthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán.

Riarann Bord arna cheapadh ag an Aire Dlí agus Cirt sinn. Ghlac an Bord reatha oifig i mí an Mhárta 2022 agus tá sé freagrach as rialachas agus treo straitéiseach an Údaráis. Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach seo spriocanna agus cuspóirí an Bhoird nua do na trí bliana romhainn.

¹Áirítear leis na hearnálacha Slándála Leictreonáí Rialú Rochtana, Aláraim Ionraidh, TCI agus Geataí Cumhachtaithe a shuiteáil agus a chothabháil.

02—
An
Timpeallacht
Rialála



Tá an Plean Straitéiseach seo á fhoilsiú tar éis imeachtaí phaindéim Covid-19, arbh imeachtaí gan fasach iad.

Cosúil leis an tsochaí agus leis an mórgheilleagar, chuathas i bhfeidhm ar an tionscal slándála ar bhealaí nach rabhtas in ann a thuar ag deireadh na bliana 2019. Tugtar le fios inár dtaighde gur fhulaing breis agus 70% de chonraitheoirí slándála titim ina láimhdeachas sna blianta 2020 agus 2021². Tá láimhdeachas ag téarnamh sa bhliain 2022 agus táimid ag feiceáil éileamh ar sheirbhísí slándála a bhíonn ag méadú de réir mar a fhásann gníomhaíocht gheilleagrach.

Tá an téarnamh agus fás sin ag cruthú brú saothair ar fud gach earnála den tionscal slándála agus táthar á phlé i ngach cruinniú le geallsealbhóirí tionscail ó thús na bliana i leith. Le linn thréimhse feidhme na straitéise seo, geallaimid go bhféachfaimid ar dhóigheanna ar féidir rannpháirtíocht na mban sa tionscal slándála a mhéadú agus go bhfaighimid amach an gcuireann an rialáil cosc ar ghrúpaí áirithe an tionscal slándála a rochtain nó nach gcuireann. Oibreoimid i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí tionscail freisin chun a fháil amach an féidir linn an rialáil a úsáid chun tacú le conairí gairme chun daoine a spreagadh chun breathnú ar an tionscal mar ghairm fhadtéarmach nó nach féidir.

Staitisticí Ceadúnúcháin Lúnasa 2022

Earnáil	Daoine Aonair	Conraitheoirí	Turnover (€)
Airgead Tirim faoi Bhealach	1,033	4	52,900,000
Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí)	N/A	35	1,104,000
Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)	10,684	50	10,167,000
An Earnáil Slándála Leictreonaí ³	N/A	1,076	292,744,000
Glasadóirí	N/A	222	20,658,000
Imscrúdaitheoirí Próbháideacha	N/A	101	8,184,000
Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláirim) ⁴	742	37	61,869,000
Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI)	N/A	32	23,182,000
Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí)	N/A	47	3,053,000
Gardaí Slándála (Socair)	26,576	184	445,989,000
Iomlán	39,035	1,788	919,850,000⁵

² PSA Research Report 2021 – The impact of Covid-19 on the security industry in Ireland.

³ Áirítear leis an Earnáil Slándála Leictreonaí ceadúnú sna fo-earnálacha seo faoi láthair: Rialú Rochtana; Aláirim Ionraidh; agus TCI. Fágann sé sin gurb ionann agus 12 earnáil an líon earnálacha atá ceadúnaithe.

⁴ San fhiúir do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin

⁵ Tá láimhdeachas bunaithe ar fhiúirí a sholáthair conraitheoirí in éineacht leis an iarratas uathu agus baineann sé lena dtréimhse chuntasáiochta roimhe.

I láthair na huaire, déanaimid rialáil ar 12 earnáil den tionscal slándála. Méadófar an figiúr sin go 16 earnáil thar thréimhse feidhme an phlean seo. Measaimid go dtiocfaidh méadú ar an líon ceadúnas ó thart ar 42,000 ceadúnas go níos mó ná 50,000 ceadúnas. Ní tionscal aonchineálach é an tionscal, agus i measc a chonraitheoirí tá trádálaithe aonair a bhfuil láimhdeachas íseal acu agus atá ag oibriú ina bpobal áitiúil agus cuideachtaí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil láimhdeachas sna milliúin Euro acu. Cruthaíonn an éagsúlacht sin a lán dúshlán do rialálaí toisc go n-oibríonn gach earnáil ar bhealach difriúil agus go dtarlaíonn sé in amanna go dteastaíonn cineálacha difriúla cur chuige maidir le ceadúnú, le comhlíonadh agus le cumarsáid i ngach earnáil ar leith de bharr scála na ngnólachtaí aonair atá istigh iontu.

Maidir leis an gcuid is mó den fhás sa cheadúnú, tiocfaidh sí as ceadúnú fostaithe a leathnú in earnálacha amháil slándáil leictreonach, gardaí forfheidhmiúcháin agus slándáil imeachtaí. Chun soláthar a dhéanamh don mhéadú sin, cuirtear ar áireamh sa straitéis seo clár leathan forbartha ó thaobh oiliúna, cáilíochtaí agus caighdeán de. Bainfidh ríthábhacht le comhairliúchán leis an tionscal slándála chun a chinntiú go bhfreastalóidh na forbairtí sin ar riachtanais na soláthraithe slándála.

Is é an príomhrud a ndírímid air ná cosaint a thabhairt don phobal agus do thomhaltóirí seirbhísí slándála. Chun an méid sin a bhaint amach, neartóimid an timpeallacht rialála trí athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcaighdeáin chun tacú le coireacht a chosc agus le tomhaltóirí a chosaint. Chomh maith leis sin, méadóimid ár dtairiscint faisnéise poiblí trí na meáin shóisialta a úsáid agus trí fhaisnéis a spriocdhírú ar thomhaltóirí ar fud gach earnála den tionscal.

Leanfaimid ar aghaidh ag féachaint lenár gcuid oibre a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir trí na hacmhainní a theastaíonn uathu a sholáthar dár mbaill foirne. Is tosaíocht í infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua phróiseála digití chun go mbeifear in ann déileáil leis an líon méadaitheach ceadúnas, idirghníomhaíochtaí le custaiméirí a shimpliú agus seirbhís rialála nua-aimseartha a sholáthar.

Ár Misean agus ár Luachanna



Is é **ár Misean** tacaíocht a thabhairt don phobal tríd an tionscal slándála príobháidí a rialáil trí chaighdeáin a ardú, trí fheasacht a mhéadú agus trí chomhlíonadh a fhorfheidhmiú.



Is é **ár bhFís** go mbeadh feabhas ann ar iontaoibh an phobail agus ar chosaintí tomhaltóirí i dtionscal slándála dea-rialáilte.



Ár Luachanna

Comhpháirtíocht

Obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe tionscail chun tacú le rialáil.

Sármhaitheas

Sármhaitheas a bhaint amach i rialáil a sholáthar agus i dtorthaí a sholáthar do ghnólachtaí.

Oscailteacht

Bheith cothrom, trédhearcach agus measúil.

Feidhmíocht

Seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar le dea-rialachas.

Tiomantas

Timpeallacht a sholáthar inar féidir lenár mbaill foirne sármhaitheas a bhaint amach, inar féidir lenár dtionscal dul faoi rath agus ina mbíonn an pobal sábháilte.

03—
Spriocanna
agus Cuspóirí



Sprioc 01

An Tionscal Slándála Príobháidí a rialáil

Cuirfimid ceadúnú na n-earnálacha i gcrích de réir na nAchtanna u m Sheirbhísí Slándála Príobháidí

Cuspóir

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun ár sprioc straitéiseach a bhaint amach

- Daoine aonair atá ag obair i Slándáil Imeachtaí a cheadúnú
- Daoine aonair atá ag obair mar Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a cheadúnú
- Conraitheoirí agus daoine aonair atá ag obair mar Ghardaí Forfheidhmiúcháin a cheadúnú
- Conraitheoirí atá ag oibriú mar Shainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú
- Conraitheoirí atá ag oibriú mar Sholáthraithe Taisceadán agus mar Shuiteálaithe Taisceadán a cheadúnú
- Daoine aonair atá ag obair mar Ghlasadóirí a cheadúnú
- Daoine aonair atá ag obair sna hEarnálacha Slándála Leictreonaí a cheadúnú
- Conraitheoirí agus daoine aonair atá ag obair san earnáil Geataí Cumhachtaithe a cheadúnú
- Raon feidhme an cheadúnúcháin Gardaí Slándála a leathnú chun Láimhseálaithe Madraí a chur ar áireamh.

Gníomh

Déanfaimid na nithe seo a leanas le linn thréimhse feidhme an phlean seo

- Dáta criticiúil a shocrú le haghaidh Pearsanra Slándála Imeachtaí a cheadúnú
- Dáta criticiúil a shocrú le haghaidh Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a cheadúnú
- Dáta criticiúil a shocrú le haghaidh Gardaí Forfheidhmiúcháin a cheadúnú
- Dáta criticiúil a shocrú le haghaidh Sainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú
- Dáta criticiúil a shocrú le haghaidh Soláthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán a cheadúnú
- Dáta criticiúil a shocrú le haghaidh daoine aonair atá ag obair mar Ghlasadóirí a cheadúnú
- An dáta criticiúil a shocrú le haghaidh daoine aonair atá ag obair sna hEarnálacha Slándála Leictreonaí a cheadúnú
- SAn dáta criticiúil a shocrú le haghaidh ceadúnas Geataí Cumhachtaithe
- An dáta criticiúil a shocrú le haghaidh Láimhseálaithe Madraí a cheadúnú

Toradh

Bainfear rath/dul chun cinn amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- Ceadúnú Pearsanra Slándála Imeachtaí a chur i gcrích
- Ceadúnú Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a chur i gcrích
- Ceadúnú Gardaí Forfheidhmiúcháin a chur i gcrích
- Ceadúnú Sainchomhairleoirí Slándála a chur i gcrích
- Ceadúnú Soláthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán a chur i gcrích
- Ceadúnú Glasadóirí a chur i gcrích
- Ceadúnú na nEarnálacha Slándála Leictreonaí a chur i gcrích
- Ceadúnas earnála nua a eisiúint le haghaidh Geataí Cumhachtaithe
- Ceadúnú Láimhseálaithe Madraí a chur i gcrích

Acmhainní

Bíonn próiseáil ceadúnas dian ar pháipéar agus bíonn sí ag brath ar sheanteicneolaíocht lena n-éilítear ionchuir mhinice ó bhaill foirne ar fud an phróisis iarratais. Mura gcomhlíontar ár gculpóir arb é atá ann córas digiteach nua TF a sholáthar (Sprioc 5), beidh beirt Oifigeach Cléireachais sa bhreis agus Oifigeach Feidhmiúcháin amháin sa bhreis ag teastáil ón tríú ráithe den bhliain 2023 i leith chun freastal ar an riachtanas méadaithe le haghaidh ceadúnúcháin thar thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh. Beidh Oifigeach Feidhmiúcháin amháin sa bhreis agus beirt Oifigeach Cléireachais sa bhreis ag teastáil sa bhliain 2024.

Má sholáthraítear an córas digiteach nua TF, beidh Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin ag teastáil sa tríú ráithe den bhliain 2023 chun déileáil leis an líon méadaithe cinntí a eascróidh as na hearnálacha ceadúnaithe nua.

Sprioc 02

Comhlíonadh a chinntiú trí dhul i ngleic le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe

Gníomhóimid in aghaidh na ndaoine sin a sholáthraíonn seirbhísí neamhcheadúnaithe, in aghaidh a gcliainnt agus in aghaidh na sealbhóirí ceadúnais sin nach gcomhlíonann na rialacháin cheadúnúcháin

Cuspóir

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun ár sprioc straitéiseach a bhaint amach

- Dul i ngleic le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe inár dtionscal
- Tacú le sealbhóirí ceadúnais comhlíontacha trí dhul i ngleic le mí-úsáidí na rialachán cheadúnúcháin
- Faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soláthraithe slándála ceadúnaithe
- Ár gcumas comhlíonta agus cigireachta a fhorbairt

Gníomh

Déanfaimid na nithe seo a leanas le linn thréimhse feidhme an phlean seo

- Acmhainní a dhíriú ar dhéileáil le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe
- Gníomhú in aghaidh sealbhóirí ceadúnais nach gcomhlíonann ár gceanglais cheadúnúcháin
- Cigireachtaí a dhéanamh ar chonraitheoirí ceadúnaithe agus ar oifigigh shlándála
- Ár raon seirbhísí cigireachta inmheánacha agus seachfhoinsithe a leathnú

Toradh

Bainfear rath/dul chun cinn amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- Na daoine sin atá ag soláthar seirbhísí slándála neamhcheadúnaithe, agus a gcliainnt, a ionchúiseamh
- Ceadúnais na ndaoine sin a dteipeann orthu na rialacháin cheadúnúcháin a chomhlíonadh a chúlghairm
- 900 ceann de chigireachtaí ceadúnaithe a dhéanamh le linn thréimhse feidhme an phlean seo
- Raon feidhme ár ngníomhaíochta forfheidhmiúcháin a leathnú

Acmhainní

Níl ár n-acmhainní comhlíonta ag coinneáil suas leis an bhfás sa cheadúnú agus beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt air sin de réir mar a leathnaíonn an cheadúnú tuilleadh. Thar thréimhse feidhme an Phlean, tá sé mar aidhm againn an líon Cigirí Réigiúnacha a mhéadú ó sheisear go deichniúr agus cur leis an úsáid a bhainimid as soláthraithe seachtracha chun ár ngníomhaíocht comhlíonta a chomhlánú.

Chun an chigireacht a mhéadú, beidh sé riachtanach Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin amháin a chur leis an bhfoireann tacaíochta riaracháin.

Sprioc 03

Feabhas achur ar ansoláthar seirbhísí slándálatríchaighdeáin agus cáilíochtaíúsáid

Oibreom id i gcom har le geallsealbhóirí chun leibhéil ghairm iúlachta a ardú ar fud an tionscail

Cuspóir

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun ár sprioc straitéiseach a bhaint amach

- Caighdeáin agus oiliúint a fhorbairt le haghaidh Gardaí Forfheidhmiúcháin a cheadúnú
- Caighdeán a fhorbairt le haghaidh Sainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú
- Caighdeán a fhorbairt le haghaidh Conraitheoirí Soláthraithe Taisceadán agus Conraitheoirí Suiteálaithe Taisceadán a cheadúnú
- Na ceanglais oiliúna le haghaidh Glasadóirí a fhorbairt
- Ceanglais oiriúnacha oiliúna a shainathint le haghaidh na nEarnálacha Slándála Leictreonaí
- Caighdeán a fhorbairt chun tacú le conraitheoirí Geataí Cumhachtaithe a cheadúnú
- Caighdeán a fhorbairt le haghaidh Láimhseálaithe Madraí a cheadúnú
- Faireachán a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí iniúcháireachta a sholáthraítear chun críocha ceadúnúcháin
- Faireachán a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí oiliúna a sholáthraítear chun críocha ceadúnúcháin
- Tús a chur le hathbhreithniú ar chaighdeáin atá níos sine ná 10 mbliana d'aois

Gníomh

Déanfaimid na nithe seo a leanas le linn thréimhse feidhme an phlean seo

- Leanúint le gníomhaíochtaí an ghrúpa oibre um Cheadúnú Gardaí Forfheidhmiúcháin a éascú
- Comhairliúcháin a chur i gcrích ar cheanglais cheadúnúcháin a fhorbairt
- Grúpa oibre a bhunú chun sainathint a dhéanamh ar na ceanglais cheadúnúcháin le haghaidh conraitheoirí agus daoine aonair san earnáil
- Dul i gcomhairle le Glasadóirí maidir leis na ceanglais oiliúna le haghaidh na hearnála
- Grúpa oibre a bhunú chun a mheas cé chomh hoiriúnach agus a bheadh Printiseacht Slándála Leictreonaí le haghaidh cheadúnú
- Caighdeáin theicniúla a thabhairt isteach le haghaidh conraitheoirí san earnáil Geataí Cumhachtaithe
- A shainathint cé na ceanglais le haghaidh Láimhseálaithe Madraí a cheadúnú
- Treisiú leis an gcóras um fhaireachán a dhéanamh ar sheirbhísí iniúcháireachta
- Treisiú leis an gcóras um fhaireachán a dhéanamh ar sholáthraithe oiliúna
- A chinntiú go bhfuil na caighdeáin ábhartha fós

Toradh

Bainfear rath/dul chun cinn amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- Caighdeán agus ceanglais oiliúna a fhoilsiú le haghaidh Gardaí Forfheidhmiúcháin a cheadúnú
- Caighdeán a fhoilsiú le haghaidh Sainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú
- Caighdeán a fhoilsiú le haghaidh Soláthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán a cheadúnú
- Na ceanglais oiliúna le haghaidh Glasadóirí a fhoilsiú
- Na ceanglais oiliúna le haghaidh na nEarnálacha Slándála Leictreonaí a fhoilsiú
- Caighdeáin theicniúla a fhoilsiú le haghaidh conraitheoirí san earnáil Geataí Cumhachtaithe
- Caighdeán a fhoilsiú le haghaidh Láimhseálaithe Madraí a cheadúnú
- Córas láidir formhaoirseachta a sholáthar le haghaidh chaighdeáin an Údaráis Slándála Príobháidí
- Córas láidir formhaoirseachta a sholáthar le haghaidh oiliúint an Údaráis Slándála Príobháidí
- Caighdeáin nua a fhoilsiú nuair a mheastar go bhfuil gá leo

Acmhainní

Rud a bhíonn casta agus dian ar am/ar acmhainní is ea oiliúint agus caighdeáin a fhorbairt. Beidh orainn roinnt den obair a sheachfhoinsiú chun go mbeimid in ann ár gclár um chaighdeáin nua a fhoilsiú agus um chaighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú a chur i gcrích. Tá Oifigeach Feidhmiúcháin sa bhreis ag teastáil chun déileáil leis an sceideal oibre atá beartaithe.

Ós rud é go mbíonn ag méadú ar an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht fud fad an tionscail slándála, beidh ar an Údarás saineolaí teicniúil (atá coibhéiseach le Príomhoifigeach Cúnta) a earcú chun cabhrú linn ó thaobh na gcaighdeán agus na hoiliúna de.

Sprioc 04

Féachaint ar dhóigheanna ar féidir lenár dtionscal dul chun tairbhe don tsochaí

Rialáil a úsáid chun dul chun tairbhe do thomhaltóirí, don phobal agus dóibh sin atá ag soláthar seirbhísí slándála

Cuspóir

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun ár sprioc straitéiseach a bhaint amach

- Treisiú lenár gcaidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais
- Obair i gcomhar lenár dtionscal chun féachaint ar dhóigheanna ar féidir tacú le rannpháirtíocht na mban san earnáil slándála
- Breithniú a dhéanamh ar na cáilíochtaí agus na tacaí a theastaíonn chun tacú le conairí gairme do na daoine sin atá ag iarraidh gabháil do ghairm sa tionscal slándála
- Meas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn sa tionscal slándála
- Ár gcainéil meán sóisialta a fhorbairt
- Leasanna an tomhaltóra agus an phobail a chosaint
- Meastóireacht a dhéanamh ar dhearcadh an phobail i leith ár dtionscail agus ár rialála

Gníomh

Déanfaimid na nithe seo a leanas le linn thréimhse feidhme an phlean seo

- Fóraim Chomhairleacha a bhunú le haghaidh sealbhóirí ceadúnais
- Fóram trastionscail a bhunú chun teacht ar dhóigheanna ar féidir tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe na mban
- Obair i gcomhar le geallsealbhóirí tionscail chun féachaint ar na deiseanna le haghaidh dul chun cinn gairme
- Taighde a ghabháil de láimh chun a shainithint cé na bacainní ar ghabháil d'obair sa tionscal slándála
- Ár láithreach ar líne a bhreisiú chun Twitter agus ardáin eile meán sóisialta a chur ar áireamh
- Faisnéis a spriocdhírú ar thomhaltóirí agus ar an bpobal
- Suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh ar an bpobal, ar thomhaltóirí agus ar an tionscal slándála ar bhonn tráthrialta

Toradh

Bainfear rath/dul chun cinn amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- Caidreamh níos fearr a dhéanamh lenár sealbhóirí ceadúnais
- Na moltaí ón bhfóram maidir le rannpháirtíocht na mban sa tionscal slándála a fhoilsiú
- Timpeallacht rialála a fhorbairt chun tacú le dul chun cinn gairme
- Tuarascáil taighde a fhoilsiú ar an tionchar atá ag éagsúlacht agus ionchuimsiú ar an tionscal slándála
- Caidreamh a dhéanamh lenár dtionscal agus leis an bpobal ar na meáin shóisialta
- Feasacht mhéadaithe a bheith ag tomhaltóirí/ag an bpobal ar ár dtionscal
- Tuairisc a thabhairt ar fhionnachtana an tsuirbhé ar an bpobal

Acmhainní

Chun na gealltanais atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh, beidh orainn oifigeach cumarsáide a cheapadh chun an teagmháil lenár ngeallsealbhóirí a threorú agus chun ár meáin shóisialta agus ár gcaidreamh poiblí a bhainistiú.

Sprioc05

Na tacaí a theastaíonn chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus ár n-eagraíocht a bhreisiú a sholáthar

Obair i gcomhar lenár mbaill foirne chun go mbeimid inár rialálaí eiseamláireach

Cuspóir

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun ár sprioc straitéiseach a bhaint amach

- Na scileanna agus na hacmhainní a theastaíonn uathu chun go mbeidh siad éifeachtach a sholáthar dár mbaill foirne
- Féachaint lena chinntiú go gcomhlíonfaidh ár n-eagraíocht ionchais ár ngeallsealbhóirí agus ár mbaill foirne
- Córas digiteach nua a sholáthar chun ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtúil

Gníomh

Déanfaimid na nithe seo a leanas le linn thréimhse feidhme an phlean seo

- Infheistiú in oiliúint dár mbaill foirne agus in acmhainní chun tacú lena ról
- Caidreamh a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí agus lenár mbaill foirne chun a thuiscint cad leis a bhfuil siad ag súil uainn
- Ár mbunachair sonraí a aistriú chuig ardán digiteach nua

Toradh

Bainfear rath/dul chun cinn amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- Baill foirne inniúla a bheith againn a bhfuil acu na hacmhainní a theastaíonn uathu chun go mbeidh siad in ann a ról a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil
- Bród a bheith ar ár mbaill foirne as a bheith mar chuid dár n-eagraíocht, agus aitheantas mar rialálaí forásach a ghnóthú ónár ngeallsealbhóirí
- Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí dár dtionscal

Acmhainní

San athbhreithniú gnó a rinneamar sa bhliain 2021, leagadh béim ar an drochthionchar a bhíonn ag ár gcóras TF reatha ar sholáthar seirbhíse. An cuspóir is tábhachtaí den straitéis seo is ea córas digiteach nua TF a sholáthar. Mura soláthraítear é, beidh deacrachtaí againn dul chun cinn a dhéanamh ar ár sainordú ceadúnúcháin. Tá sé mar aidhm leis an straitéis córas nua atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar sa bhliain 2023.

04—
Cur Chun
Feidhme agus
Tuairisciú



Oibreoidimid i gcomhpháirt leis an Aire agus lena Roinn, lenár ngeallsealbhóirí tionscail agus le páirtithe leasmhara eile chun cur chun feidhme rathúil na straitéise seo a chinntiú.

Cuid dhílis de rath na straitéise a bheidh san fháil ar acmhainní chun na gealltanais atá istigh inti a chomhlíonadh. Baineann ríthábhacht le hacmhainní freisin maidir leis an aidhm atá againn seirbhís ghairmiúil nua-aimseartha a thairiscint dár sealbhóirí ceadúnais agus don phobal. Is gá infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí digiteacha chun ár gcórais TF as dáta a athsholáthar má táthar chun rialáil a leathnú ar mhaithe lenár n-oibleagáidí reachtúla uile a chomhlíonadh. Beimid ag lorg tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt chun na teicneolaíochtaí nua sin a sholáthar le linn na gcéimeanna tosaigh den phlean seo.

Leagaimid an-tábhacht ar chomhar an tionscail slándála maidir leis na cuspóirí sa straitéis a bhaint amach, agus táimid tiomanta d'obair i gcomhar leis an tionscal i gcur chuige comhoibríoch chun dul chun tairbhe dúinn féin agus don tionscal araon. Tá sé beartaithe againn an caidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a mhéadú trí roinnt fóram a bhunú ar fud na n-earnálacha difriúla a rialáilimid.

Beidh freagracht ar fhoireann ardbhainistíochta an Údaráis as an straitéis a aistriú ina pleananna bliantúla gnó lena ngabhfaidh spriocanna feidhmíochta. Foilseofar na pleananna bliantúla agus beidh deis ag geallsealbhóirí tionscail chun comhairle a thabhairt i ndáil le tionchar seachtrach na mbeart arna ndéanamh chun an straitéis a chur chun feidhme.

Tabharfaimid tuairisc ar bhealach oscailte, trédhearcach agus poiblí ar ár bhfeidhmíocht maidir leis an straitéis seo a chur chun feidhme. Gabhfar tuairisciú de lámh trí roinnt cainéal:

- Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta tuairisc don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.
- Coinneofar an tAire Dlí agus Cirt agus a Roinn ar an eolas faoin dul chun cinn tríd an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta bliantúil, ag cruinnithe rialachais agus sna Tuarascálacha Bliantúla uainn.
- Gheobhaidh an tionscal slándála agus an pobal tuarascálacha tráthrialta trínár meáin shóisialta, trínár ríomhíris, trínár bhfórim chomhairleacha agus sna Tuarascálacha Bliantúla uainn.

Bainfidh ríthábhacht le hathbhreithniú agus faireachán leanúnach ar an straitéis agus, nuair is gá, déanfaimid gníomhaíocht cheartaitheach chun a chinntiú go gcomhlíonfar ár gculpóirí. Tá sé tábhachtach freisin go leanfaidh an straitéis de bheith ábhartha, agus is féidir go n-athrófar roinnt de na cuspóirí i bhfianaise imthosca nach bhfuiltear á dtuar faoi láthair.

Aguisín 01

Earnálacha atá Ceadúnaithe amhail mí Mheán 2022

Earnáil	Conraitheoir	Fostaí
Airgead Tirim faoi Bhealach	Tá	Tá
Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)	Tá	Tá
Slándáil Imeachtaí	Tá	Níl
Earnálacha Slándála Leictreonaí (Suiteálaithe Rialaithe Rochtana)	Tá	Níl
Earnálacha Slándála Leictreonaí (Suiteálaithe TCI)	Tá	Níl
Earnálacha Slándála Leictreonaí (Suiteálaithe Aláram Ionraidh)	Tá	Níl
Gardaí Forfheidhmiúcháin	Níl	Níl
Glasadóirí	Tá	Níl
Imscrúdaitheoirí Príobháideacha	Tá	Níl
Sainchomhairleoirí Slándála	Níl	Níl
Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim agus TCI)	Tá	Tá
Gardaí Slándála (Gardáil Shocair)	Tá	Tá
Soláthraithe Taisceadán agus Suiteálaithe Taisceadán	Níl	Níl

Forálacha Reachtúla

Foráiltear le halt 9 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 do Phlean Straitéiseach a sholáthar.

Alt 9. (1) A luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe agus laistigh de shé mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana an lae bunaithe é, déanfaidh an tÚdarás plean straitéiseach don tréimhse trí bliana ina dhiaidh sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire fara leasú nó gan leasú.

(2) Maidir le plean straitéiseach—

- beidh ann cuspóirí fíorthábhachtacha an Údaráis, a aschuir agus a straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear a úsáid acmhainní,
- comhlíonfaidh sé aon ordacháin a eiseoidh an tAire ó am go ham i ndáil le foirm agus modh ullmhúcháin an phlean, agus
- tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Údaráis.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis an plean straitéiseach a cheadú, cóip den phlean straitéiseach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Foráiltear le halt 8 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004 d'fheidhmeanna an Údaráis.

Alt 8.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, faoi réir an Achta seo, rialú agus maoirseacht ar dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála, agus caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú i soláthar na seirbhísí sin acu.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an tÚdarás agus, i gcás go gceanglófar amhlaidh leis an Acht seo, déanfaidh sé—

- ceadúnais a dheonú agus a athnuachan,
- cártaí aitheantais a eisiúint chuig ceadúnaithe,
- i gcás gur cuí, ceadúnais a fhionraí nó a chúlghairm,
- clár ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil,
- caighdeáin a shonrú atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála á soláthar ag ceadúnaithe nó ag catagóirí ceadúnaithe ar leith,
- cáilíochtaí nó aon cheanglais eile (lena n-áirítear ceanglais maidir le hoiliúint) a shonrú le haghaidh ceadúnais a dheonú,
- tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le seirbhísí slándála a sholáthar a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú nó cabhrú leis na tionscadail agus gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear faisnéis staidrimh agus aon taifid eile is gá le haghaidh na seirbhísí sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar go cuí a thiomsú,
- aon seirbhísí slándála atá á soláthar ag aon duine a imscrúdú
- córas imscrúdúcháin agus breithniúcháin a bhunú agus a riar le haghaidh gearáin in aghaidh ceadúnaithe a imscrúdú agus a bhreithniú,
- faireachán a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí slándála príobháidí i gcoitinne,
- caidreamh a dhéanamh le ceadúnaithe d'fhonn é féin a choimeád ar aon eolas faoi aon nithe ar gá dó díriú orthu,
- comhairle a chur ar an Aire maidir le haon ní a bhaineann lena fheidhmeanna,
- an tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i ndáil le seirbhísí slándála a sholáthar ag ceadúnaithe nó ag catagóirí ceadúnaithe ar leith agus cuidiú leis nó léi beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin.

(3) Féadfaidh an tAire le hordú, le comhthoilíú an Aire Airgeadais—

- (a) cibé feidhmeanna breise is cuí leis an Aire i ndáil le seirbhísí slándála, ar feidhmeanna iad a bhaineann leis na feidhmeanna a thugtar dó le fo-ailt (1) agus (2) nó le haon ordú faoin bhfo-alt seo, a thabhairt don Údarás, agus
- (b) cibé foráil a dhéanamh a mheasann an tAire is gá nó is fóirsteanach i ndáil le nithe atá coimhdeach le haon cheann de na feidhmeanna atá luaite i mír (a) nó a éiríonn as.

(4) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo, lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.

(5) Maidir le haon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh a Phríomhfheidhmeannach nó aon chomhalta eile dá fhoireann a bheidh údaraithe go cuí chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin, gan dochar dá fhreagrachtaí ginearálta faoin Acht seo.

(6) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir an Achta seo, aon ní a dhéanamh a mheasfaidh sé is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

An tÚdarás Slándála Príobháidí

**Sráid an Dáibhisigh
Baile Thiobraid Árann
Co. Thiobraid Árann
E34 PY91**

T: 062-32600

R: info@psa-gov.ie

W: www.psa-gov.ie